Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

ADVANCED
General Certificate of Education
2014

# Cúram Sláinte agus Sóisialta

## Aonad Measúnaithe A2 9

*ag measúnú*

## Aonad 9: Seirbhísí a Sholáthar

**[A6H31]**

A6H31

**DÉ CÉADAOIN 28 BEALTAINE, IARNÓIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **trí** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **1(d), 2(d), 3(c)** agus **3(d)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| **Marc Iomlán** | |

**TASC**

Déan imscrúdú ar sholáthar seirbhísí maidir le húsáideoirí seirbhísí a bhfuil *míchumais fhisiceacha nó tinnis* orthu. Ba chóir go dtabharfadh an t-imscrúdú agat aghaidh ar na rudaí seo a leanas:

- An *Disability Discrimination Act 1995* agus *Disability Discrimination (NI) Order 2006* agus an dóigh ar fheabhsaigh siad saol na ndaoine a bhfuil míchumas orthu.
- An *Carers and Direct Payments Act (NI) 2002* agus an dóigh a dtacaíonn sé le cúramóirí neamhfhoirmiúla.
- Tuiscint ar an inneachar atá i réimse polasaithe atá le fáil i suíomhanna cúraim.
- Fáthanna leis an mhéadú ar dhaoine sa phobal a bhfuil míchumais fhisiceacha agus tinnis fhadtéarmacha orthu.
- Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis na hearnálacha difriúla den gheilleagar mheasctha a chuireann cúram ar fáil.
- Maoiniú na seirbhísí i ngeilleagar measctha an chúraim.
- Na róil a bhíonn ag cúramóirí neamhfhoirmiúla agus an dóigh a dtugann siad tacaíocht do dhaoine aonair a bhfuil míchumais fhisiceacha nó tinnis fhadtéarmacha orthu.
- Ag freastal ar riachtanais úsáideoirí seirbhísí a bhfuil míchumais fhisiceacha agus tinnis fhadtéarmacha orthu.
- Seirbhísí a rochtain agus bacainní ar an rochtain atá rompu siúd a bhfuil míchumais fhisiceacha agus tinnis fhadtéarmacha orthu a bhriseadh anuas.
- Na róil atá ag réimse cleachtóirí a chuireann cúram agus tacaíocht ar fáil i suíomh ospíse.

**1** I suirbhé sláinte a rinneadh i dTuaisceart Éireann in 2011, thuairiscigh 37% de fhreagróirí go raibh tinneas fadtéarmach orthu. Bhí comhréir na ndaoine a thuairiscigh seo ag méadú le haois, ó 14% de dhaoine 16–24 bliain d'aois go dtí 70% díobh siúd a bhí 75 bliain d'aois nó níos sine. Sa tsuirbhé chéanna, thug 14% de fhreagróirí le fios go raibh siad ag tabhairt cúraim do dhuine éigin eile ar bhonn neamhfhoirmiúil agus ba mhó an dóchúlacht go mbeadh baineannaigh ina gcúramóirí ná fireannaigh.

*© Crown copyright - DHSSPSNI*

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine a diagnoísíodh le míchumais fhisiceacha agus le tinnis fhadtéarmacha i dTuaisceart Éireann. Pléigh trí fháth leis an treocht seo.

1. ______________________________ [3]

2. ______________________________ [3]

3. ______________________________ [3]

**(b)** Pléigh na tascanna a bhféadfadh cúramóir neamhfhoirmiúil tabhairt fúthu do dhuine éigin a bhfuil tinneas fadtéarmach air amhail an t-airtríteas ainsealach.

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Cuir síos ar thrí dhóigh a dtugann an *Carers and Direct Payments Act (NI) 2002* tacaíocht do chúramóirí neamhfhoirmiúla.

1. ______________________________ [3]

2. ______________________________ [3]

3. ______________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Pléigh trí bhuntáiste agus trí mhíbhuntáiste a bhaineann leis an earnáil neamhfhoirmiúil ag cur cúraim ar fáil do dhaoine a bhfuil míchumais fhisiceacha nó tinnis fhadtéarmacha orthu.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |
| | |

[12]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Tá soláthar ospíse, atá cruinnithe go príomha san earnáil dheonach, ag cur faoisimh agus cúram luachmhar ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí a bhfuil tinnis fhadtéarmacha orthu. An fhoireann a bhíonn ag obair i suíomhanna ospíse, bíonn oiliúint speisialta orthu le déileáil leis an réimse leathan riachtanas a d'fhéadfadh a bheith ag úsáideoirí seirbhísí. Tá dúshláin shuntasacha roimh an earnáil dheonach teacht ar an mhaoiniú atá de dhíth le seirbhísí a sholáthar.

**(a)** Scríobh síos dhá dhóigh a bhfaigheadh ospís maoiniú do na seirbhísí a chuireann sí ar fáil.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

**(b)** Mínigh dhá dhóigh **dhifriúla** a dtacódh na baill foirne seo a leanas in ospís le húsáideoirí seirbhísí.

Altra cúram maolaitheach

1. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

2. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

Cúntóir cúraim

1. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

2. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(c)** Pléigh trí bhuntáiste a bhaineann leis an earnáil dheonach cúram agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine fásta a bhfuil míchumais fhisiceacha nó tinnis fhadtéarmacha orthu.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1. ______________________________

______________________________ [3]

2. ______________________________

______________________________ [3]

3. ______________________________

______________________________ [3]

**(d)** Déan anailís ar réimse na riachtanas atá ag úsáideoirí seirbhísí a bhfuil míchumais fhisiceacha nó tinnis fhadtéarmacha orthu agus an dóigh a bhféadfadh an fhoireann freastal ar na riachtanais sin i saoráid faoisimh.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

[15]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Ciallaíonn an cumas seirbhísí a rochtain go dtig le húsáideoirí seirbhísí an cuidiú agus an tacaíocht a fháil atá de dhíth orthu le cáilíocht na beatha acu a fheabhsú. Bhí tionchar dearfach ag reachtaíocht, ar nós an *Disability Discrimination Act 1995* agus an *Disability Discrimination (NI) Order 2006*, ar shaol a lán daoine a bhfuil míchumais fhisiceacha agus tinnis fhadtéarmacha orthu.

**(a)** Scríobh trí dhóigh a bhféadfadh úsáideoirí seirbhísí a bhfuil míchumais fhisiceacha nó tinnis fhadtéarmacha orthu rochtain a fháil ar na seirbhísí atá de dhíth orthu.

1. ______________________________________________ [1]

2. ______________________________________________ [1]

3. ______________________________________________ [1]

**(b)** Pléigh an dóigh a bhféadfaí na bacainní seo a leanas maidir le seirbhísí a rochtain a bhriseadh anuas d'úsáideoirí seirbhísí a bhfuil míchumais fhisiceacha nó tinnis orthu.

Bacainní tíreolaíocha ar sheirbhísí a rochtain

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

Bacainní eolais ar sheirbhísí a rochtain

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(c)** Pléigh ceithre dhóigh ar chuir an *Disability Discrimination Act 1995* agus an *Disability Discrimination (NI) Order 2006* feabhas ar shaol daoine a bhfuil míchumais fhisiceacha orthu.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

[12]

**(d)** Na polasaithe atá ag eagraíochtaí a chuireann cúram ar fáil, dearadh iad lena chinntiú go bhfuil úsáideoirí seirbhísí cosanta go hiomlán agus gur cuí í cáilíocht an chúraim a chuirtear ar fáil. Lena bpoist a dhéanamh mar is ceart, ba chóir go mbeadh tuiscint iomlán ag an fhoireann ar na polasaithe uilig.

Pléigh an t-inneachar a mbeifeá ag dúil lena fháil i bpolasaí ar aosaigh leochaileacha a chosaint agus i bpolasaí ar ghearáin.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

[9]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.